Príomhfheidhmeannach UISCE – Cur síos ar an bpost

Tuairisc ghinearálta	Tá an príomhfheidhmeannach freagrach as dul chun cinn an chomhlachta mar atá sé leagtha amach i straitéis an bhoird. Tá sé/sí freagrach as foireann bhainistíochta UISCE a spreagadh agus a bhainistiú. Tuairiscíonn sé/sí don Stiúrthóir Bainistíochta agus don Bhord Stiúrthóirí.

Sainréimsí

Pleanáil Straitéiseach	Ní mór cumas na ceannaireachta a bheith san iarrthóir idéalach agus a bheith ar a c(h)umas straitéisí a leagan amach chun an comhlacht a dhíriú ar bhrabús mar aon le fís an chomhlachta a chur i bhfeidhm. Tá ról lárnach ag an bPríomhfheidhmeannach i bpríomhspriocanna an chomhlachta a bhunú go straitéiseach. Beidh sé/sí ag obair leis an Stiúrthóir Bainistíochta agus i gcomhréir le luachanna agus cultúr an chomhlachta.
Sábháilteacht agus Measúnú Riosca	Tá an príomhfheidhmeannach freagrach as a chinntiú go bhfuil polasaithe & na nósanna imeachta sábháilteachta ar aon dul le na critéir atá leagtha amach ag na boird rialaithe agus de réir dea-chleachtas, reatha, earnáil na tionsclaíochta. Anuas air sin, tá air/uirthi a chinntiú go bhfaigheann na baill foirne oiliúint chuí sna réimsí a bhaineann leo. Cinntíonn sé seo sábháilteacht agus folláine na mac léinn agus na baill foirne. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as measúnú riosca agus anailís LLDB (láidreachtaí, laigí, deiseanna, bagairtí) rialta a dhéanamh chun baol féideartha a sheachaint.
Tacaíocht don Fhoireann Oideachais	Tá ról tacaíochta tábhachtach ag an bpríomhfheidhmeannach i gcúrsaí oideachais. Caithfear tacú leis an mBainisteoir Oideachais agus an fhoireann oideachais nuair is gá. Go mór mór le linn an tsamhraidh nuair is féidir le heachtraí dáiríre, nó le heachtraí a bhaineann le hábhar mothálach, tarlú. Tá sé/sí freagrach as a chinntiú go bhfuil na polasaithe & na nósanna imeachta maidir le hOideachas & le Caomhnú Leanaí ar aon dul leis an reachtaíocht agus le na boird rialaithe ábhartha. Cabhraíonn an Príomhfheidhmeannach leis an lucht bainistíochta dul i ngleic le heachtraí tromchúiseacha a bhaineann le mic léinn nó le baill foirne.

Meantóireacht agus Bainistíocht Acmhainní Daonna	Treoraíonn an Príomhfheidhmeannach foireann UISCE ag cinntiú go nglacaidís le cultúr, le luachanna agus le fís an chomhlachta go huileghabhálach. Oibríonn sé/sí go dlúth leis an mBainisteoir Ginearálta agus le hardbhainistíocht an chomhlachta ag caomhnú atmaisféar proifisiúnta, dearfach & comhoibríoch. Tá ról tábhachtach aige/aici ag tacú leis an lucht bainistíochta; ag spreagadh, ag meantóireacht agus ag déanamh idirghabháil, nuair atá gá leis. Tá sé de chúram ag an bPríomhfheidhmeannach, ETF (Eochairtháscaire Feidhmíochta) a leagan amach i ngach réimse den chomhlacht. Ní mór na ETF a bheith bunaithe ar spriocanna straitéiseacha an chomhlachta agus ní mór dóibh na hacmhainní a comhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar a dul chun cinn. Tá sé/sí freagrach as straitéis éifeachtach cumarsáide a chur chun cinn sa chomhlacht.
Ag Bainistiú athruithe agus tionscadal	Oibríonn an Príomhfheidhmeannach agus an ardbhainistíocht as lámh a chéile chun; straitéis díolacháin a leagan amach, cur chuige a aontú, forbairt a dhéanamh ar táirgí nua agus deiseanna gnó a thapú. Anuas air sin, bíonn siad ag cur barr feabhais ar na córais phróiseála ar fud an chomhlachta go leanúnach. Tá sé de chúram ar an bPríomhfheidhmeannach, i gcomhar leis an ardbhainistíocht, cur chuige struchtúrtha a chinntiú nuair atá athruithe i bpróiseas agus i nósanna imeachta an chomhlachta.
Forais & Ranna Stáit	Déanann an Príomhfheidhmeannach idirchaidreamh le na forais chuí, le na ranna stáit agus le cigirí na roinne agus tá sé/sí freagrach as deiseanna mhaoiniúcháin a aimsiú.
Cúrsaí Dlí	Ní mór eolas ginearálta maidir le riachtanas reachtaíochta a bhaineann leis an gnó (e.g. Corparáideach, Cumhdach Leanaí, Sláinte agus sábháilteacht, Fostaíocht).
Díolachán & Margaíocht	Oibríonn an príomhfheidhmeannach i gcomhpháirtíocht leis an mBainisteoir Margaíochta chun plean margaíochta agus díolacháin éifeachtach a chur i bhfeidhm sa chomhlacht.
Teagmhas criticiúil - a phleanáil & a bhainistiú	Ní mór scileanna bainistíochta láidre a bheith ag an bpíomhfheidhmeannach agus ní mór dó/di a bheith eolach ar phlean teagmhas criticiúil an ionaid mar bheadh air/uirthi an comhlacht a stiúradh dá dtarlódh teagmhas criticiúil.

Príomhfheidhmeannach UISCE - Próifíl Idéalach

Go Ginireálta:	Beidh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin UISCE agus an Bainisteoir Stiúrtha ag obair as lámh a chéile chun an comhlacht a stiúradh agus an gnó a fhorbairt
Tréithe Pearsanta:	Is duine dearfach, tiomanta, lán le fuinneamh a bhfuil eagraithe agus compordach ag obair ar shuíomh gnóthach, atá de dhíth. Ní mór ardscileanna cumarsáide, idirphearsanta agus sóisialta a bheith aige/aici le cur amach suntasach aige/aici ar an gcaoi le tabhairt faoi fadhbanna a réiteach ar bhonn tomhaiste anailíseach. Tá ardscileanna bainistíocht daonna riachtanach.
Cáilíochtaí:	Céim ábhartha (NFQ Leibhéal 7 +) (e.g. MSc/MA, BSc/BA i; Gnó, Acmhainní Daonna, Bainistíocht nó Oideachas)
Taithí Bainistíochta:	Taithí leathan bainistíochta nó maoirseachta le hardscileanna bainistíocht daonna.
Gnó:	Taithí chruthaithe i gnó.
Seirbhís do Chustaiméirí:	Taithí i bhforbairt seirbhís do chustaiméirí den scoth.
Oideachas:	Taithí ag plé le déagóirí, lena dtuismitheoirí agus cur amach suntasach ar chóras oideachais na hÉireann agus ar an reachtaíocht maidir le cúram leanaí.
Gaeilge:	Gaeilge Líofa - T.E.G. Leibhéal C.1 (Ard-chaighdeán scríofa + labhartha).
Forbairt Eagraíochta:	Taithí le straitéisí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm in eagraíocht; ag cinntiú go bhfuil athruithe leanúnach á stiúradh le cur chuige struchtúrtha, tomhaiste agus ciallmhar.
Bainistíocht Acmhainní Daonna:	Taithí suntasach ag bainistiú foirne éagsúla. Cúlra i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide in Éirinn nó thar lear. Cumas tacaíocht éifeachtach a thabhairt don fhoireann ar fad ar bhonn leanúnach.
Ríomhairí agus Teicneolaíocht Faisnéise:	Ard-scileanna ríomhaireachta de dhíth thar ríomhchláir Microsoft Office ar fad.
Airgeadais:	Tá taithí ag bainistiú airgid agus buiséid de dhíth.
Sa bhreis:	Ceadúnas Tiomána iomláin de dhíth agus a carr féin. Beidh ar an duine a bheith solubhta maidir le huaireannta oibre go mór mór le linn an tSamhraidh agus tréimsí gnóthacha sa ghnó